


# COMHAD FÍRICÍ: GCSE GAEILGE Measúnú Rialaithe



## Éisteacht agus Labhairt (Tasc 2)



### Torthaí Foghlama

Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeifeá ábalta:

- Smaointe agus barúlacha a chur in iúl i nGaeilge;
- Tuiscint a léiriú ar an topaic atá ullmhaithe agat;
- Eolas agus fíricí a thabhairt i ndiaidh duit taighde a dhéanamh ar an ábhar;
- Gaeilge chruinn a úsáid le linn an tasc agus tú ag ullmhú don tasc.

### Achoimre

Tá dá thasc éisteachta agus labhartha le déanamh mar chuid den mheasúnú rialaithe. Tá 20% den GCSE Gaeilge i gceist leis na tascanna éisteachta agus cainte seo.

### Tasc Éisteachta Agus Cainte 2: Grúp-phlé (4–6 bhomaite an dalta).

Sa tasc seo, beidh ort grúp-phlé a dhéanamh le daltaí eile ar thopaic áirithe. Tabharfaidh do mhúinteoir ranga míniú ar an tasc duit i ndiaidh duit staidéar a dhéanamh air sa rang Gaeilge. Beidh **dhá uair** an chloig agat chun an tasc a ullmhú. Déanfar measúnú ar an tasc de réir scéim marcála (amharc ar shonraíocht GCSE Gaeilge). Is fiú 10% den GCSE Gaeilge an tasc seo.

### Ábhair Mholta

Chun grúp-phlé éifeachtach a dhéanamh, is tábhachtach na treoracha seo a leanúint:

- Ba chóir go mbeadh ar a laghad beirt sa ghrúpa, ach níor chóir go mbeadh níos mó ná seisear ann.
- Bí cinnte go bhfuil do chuid taighde déanta agat, ionas go mbeifeá in ann labhairt ar an ábhar go soiléir agus go muiníneach.
- Dea-chleachtas atá ann cathaoirleach a cheapadh sa ghrúpa. Bíonn ar an duine seo an rún seo a léamh ag an tús agus daoine eile a spreagadh chun moltaí, barúlacha, taighde agus staitisticí a chur in iúl. Ag deireadh an ghrúp-phlé, beidh ar an chathaoirleach críoch a chur leis.
- Déanfar an tasc i nGaeilge. Mar sin de, beidh sé ríthábhachtach foclóirín a bhaineann leis an ábhar a fhorbairt agus a fhoghlaim.
- Má bhíonn duine níos ciúine ná daoine eile sa ghrúpa, ná déanaigi dearmad orthu – cuirigi ceisteanna orthu go dtig leo barúlacha a chur in iúl.
- Ná déan dearmad go bhfuil tasc cainte agus éisteachta i gceist. Beidh oraibh scileanna éisteachta a thaispeáint comh maith.

- Bíonn dá thaobh an scéil ann i gcónaí. Mar sin de, ná caith barraíocht ama ag díriú isteach ar na míbhuntáistí amháin, mar shampla a bhaineann le ‘Saol na Scoile’ nó na buntáistí a bhaineann leis an ‘Nuatheicneolaíocht’ – amharc ar an taobh eile den argóint.

## Plé

Seo roinnt frásaí samplacha a chuideoidh leat:

- Aontaím leat ansin...
- Tá an ceart agat...
- Tá mé ar aon intinn leat ar an ábhar seo...
- Caithfidh mé a rá nach n-aontaím leat...
- Tuigim sin, ach ar an lámh eile...
- A mhalairt atá fíor, i mo thuairim féin...

## Taighde

- Baineadh geit asam nuair a léigh mé...
- Ní fada ó shin a léigh mé alt sa nuachtán a deir go mbíonn 80% de dhéagóirí...
- Is léir domsa ó na staitisticí a luaigh mé cheana...
- Fuair mé amach go mbíonn...
- Is doiligh sin a chreidiúint...
- Déantar tagairt don fhadhb seo san alt...

## Barúlacha a chur in iúl

- Ceapaim...
- Sílim...
- I mo bharúil...
- I mo thuairim...
- Measaim....
- Is féidir a rá...
- Thiocfadh leat a rá...
- Le bheith ionraic...
- Caithfidh mé a rá...
- Chun an fhírinne a rá...
- Níl aon amhras go bhfuil.....
- Tá mé idir dhá chomhairle...
- Tá mé idir dhá thine Bhealtaine faoi seo....

## Sampla

*‘Tá na Greasáin Shóisialta imithe as smacht ar fad’.*

- Bhuel a chairde, cad iad bhur mbarúlacha?
- Cad iad na gréasáin shóisialta agus cad é an tuiscint atá againn orthu?
- An mbíonn mórán buntáistí ag baint leis na gréasáin shóisialta?
- Caithfidh go bhfuil míbhuntáistí ag baint leo fosta. An dtig le duine ar bith sampla a thabhairt?
- An mbíonn tú ag baint úsáid as na gréasáin shóisialta seo? Mínigh do thaithí féin ar an ábhar.
- An ndearna tú taighde nó an bhfuair tú staitisticí ar bith ar an ábhar seo?
- Chun deireadh a chur leis an ghrúp-phlé seo, an bhfuil sibh ar aon intinn liom faoi na gréasáin shóisialta?

